RÚN (AE) 2022/1783 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Fondúireachta Eorpaí Oiliúna (ETF) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Fondúireachta Eorpaí Oiliúna don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V a ghabhann lena Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0105/2022),

A. de bhrí, de réir a ráitis ar ioncam agus ar chaiteachas ([1]), gurbh é EUR 20 957 000 buiséad críochnaitheach na Fondúireachta Eorpaí Oiliúna ("an Fhondúireacht") don bhliain airgeadais 2020, arb ionann é agus ardú 2,00 % i gcomparáid le 2019; de bhrí gur as buiséad an Aontais a thagann iomlán bhuiséad na Fondúireachta;

B. de bhrí go ndearbhaíonn an Chúirt Iniúchóirí ("an Chúirt"), ina tuarascáil maidir le cuntais bhliantúla na Fondúireachta don bhliain airgeadais 2020 ("an tuarascáil ón gCúirt"), go bhfuil dearbhú réasúnach faighte aici go bhfuil cuntais na Fondúireachta beacht agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leo dlíthiúil agus rialta;

Buiséad agus bainistiú airgeadais

1. ag tabhairt dá haire go raibh de thoradh ar na hiarrachtaí faireacháin buiséid le linn na bliana airgeadais 2020 go raibh ráta curtha chun feidhme 99,88 % ann, arb ionann é agus 0,08 % de laghdú i gcomparáid le 2019; ag tabhairt dá haire gurbh é 95,65 % an ráta forghníomhaithe íocaíochta, arb ionann é agus 0,25 % de laghdú i gcomparáid leis an mbliain roimhe;

2. de bhrí, i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh, gur mian leis an údarás um urscaoileadh béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé dlisteanacht dhaonlathach institiúidí an Aontais a neartú tuilleadh trí thrédhearcacht agus cuntasacht a fheabhsú, agus trí choincheap an bhuiséadaithe ar bhonn feidhmíochta agus an dea-rialachais ar acmhainní daonna a chur chun feidhme;

Feidhmíocht

3. ag tabhairt dá haire go n-úsáideann an Fhondúireacht bearta áirithe mar eochairtháscairí feidhmíochta (KPInna) chun an fheidhmíocht a thomhas, amhail suirbhéanna, agus eile chun a bainistiú buiséid a fheabhsú, amhail cur chun feidhme an leithreasaithe faoi chomhair gealltanas, ráta cealaithe leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, íocaíochtaí tráthúla, ráta olltoraidh; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur chuir an Fhondúireacht ceithre eochairtháscaire feidhmíochta breise i bhfeidhm chun breisluach a gníomhaíochtaí in 2020 a thomhas;

4. ag tabhairt dá haire gur ghnóthaigh an Fhondúireacht ráta comhlánaithe gníomhaíochta 86,84 %, laghdú beag i gcomparáid le 2019, agus ráta comhlánaithe tráthúil 75,94 %; ag tabhairt dá haire gur ghnóthaigh an Fhondúireacht na heochairtháscairí feidhmíochta go léir, agus gan ach beagán eisceachtaí ann; ag tabhairt dá haire go ndearnadh difear diúltach don ráta comhlánaithe in 2020, mar thoradh ar phaindéim COVID-19;

5. ag tabhairt dá haire gur sheol an Fhondúireacht líonra barr feabhais in 2020, ag tairiscint ardáin chun comhpháirtíocht a mhalartú i measc ionaid barr feabhais nua agus ionaid barr feabhais atá ann cheana; ag tabhairt dá haire ina theannta sin gur chruthaigh an Fhondúireacht uirlisí chun tacú leis an bhfoghlaim dhigiteach, amhail SELFIE (uirlis féinmheasúnaithe), a úsáidtear faoi láthair san Eoraip Thoir Theas, sa Tuirc agus i dtrí thír oirthearacha comhpháirtíochta roghnaithe;

6. ag tabhairt dá haire, i dtéarmaí rannchuidiú le beartais an Aontais um ghníomhaíocht sheachtrach in 2020, gur úsáideadh saineolas na Fondúireachta chun cláir Aontais maidir le forbairt caipitil dhaonna a fhoirmliú, a chur chun feidhme agus chun faireachán a dhéanamh orthu, arb ionann é agus tuairim is EUR 305 mhilliún; ag tabhairt dá haire gur lean an Fhondúireacht dá comhoibriú le gníomhairí idirnáisiúnta agus déthaobhacha um fhorbairt, amhail eagraíochtaí agus institiúidí airgeadais;

([1]) IO C 114, 31.3.2021, lch. 22.

7. á chur in iúl gur geal léi comhar leanúnach na Fondúireachta le gníomhaireachtaí eile, go háirithe leis an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) agus le Eurofound, rud a chuir feabhas ar éifeachtúlacht agus a d'fhág gurbh fhéidir eolas suntasach a roinnt ina réimse saineolais;

8. á chur in iúl gur geal léi, go háirithe, an tionscnamh "Scileanna d'Fhorbairt na Fiontraíochta" atá ar bun faoi láthair ag an bhFondúireacht agus lena dtugtar aghaidh ar an ngá atá le scileanna a oiriúnú agus a fheabhsú, agus lena gcuirtear ar a gcumas d'fhiontair freagairt do dhúshláin agus iad a bhainistiú, lena n-áirítear iad siúd a d'eascair as paindéim COVID-19, rannchuidiú le sochaithe atá níos glaise, cuimsitheach agus nuálach, agus borradh a chur faoin iomaíochas inbhuanaithe agus faoin athléimneacht;

9. á chur in iúl gur geal léi gníomhaíochtaí na Fondúireachta maidir le cuidiú le tíortha comhpháirtíochta de chuid an Aontais leas a bhaint as acmhainneacht a gcaipitil dhaonna agus feabhas a chur ar ionchais fostaíochta a gcuid saoránach trí athchóiriú a dhéanamh ar an oideachas, an ghairmoiliúint, scileanna agus córais mhargadh an tsaothair, i gcomhthéacs bheartais an Aontais maidir le caidreamh seachtrach; á thabhairt chun suntais gur gá a áirithiú go bhfuil acmhainní leormhaithe daonna agus airgeadais ann ionas gur féidir leis an bhFondúireacht leanúint dá clár oibre a chur chun feidhme agus gníomhaíochtaí a thabhairt chun críche ar ráta an-ard;

10. á aithint go bhfuil cuspóirí agus gníomhaíochtaí na Fondúireachta ailínithe go dlúth le beartais agus gníomhaíochtaí an Aontais i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, na forbartha daonna, scileanna agus na himirce;

Beartas foirne

11. ag tabhairt dá haire, ar an 31 Nollaig 2020, go raibh an plean bunaíochta curtha chun feidhme 98,8 %, go raibh ceapacháin déanta i gcás 85 ghníomhaire shealadacha as 86 gníomhaire shealadacha arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le 86 phost údaraithe in 2019); ag tabhairt dá haire gur oibrigh, ina theannta sin, 41 ghníomhaire ar conradh agus gníomhaire áitiúil amháin don Fhondúireacht in 2020;

12. ag tabhairt dá haire gurbh é an chothromaíocht inscne sa mheánbhainistíocht agus sa bhainistíocht shinsearach seisear ban as deichniúr (in 2019, cúigear as naonúr); ag tabhairt dá haire gurb é an chothromaíocht inscne i measc comhaltaí den bhord bainistíochta 40 % fir agus 60 % mná agus i measc na foirne ar an iomlán 32,3 % fir agus 67,7 % mná; á iarraidh ar an nGníomhaireacht cothromaíocht inscne a áirithiú ar leibhéil na bainistíochta agus na foirne amach anseo; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht inscne a áirithiú a chur san áireamh nuair a bhítear ag ainmniú a gcomhaltaí do bhord bainistíochta na Gníomhaireachta; ag tabhairt dá haire go bhfaigheann an Fhondúireacht líon níos airde iarratas óna tír óstach in ainneoin fhoilsiú leitheadach a fógraí folúntais, rud a mhíníonn an líon níos airde náisiúnach Iodálach a earcaíodh (in 2020, bhí náisiúntacht na hIodáile ag 41 % den fhoireann); ag tabhairt dá haire go bhfuil an Fhondúireacht ag úsáid nós imeachta roghnúcháin fhiúntasbhunaithe, agus i gcásanna ina mbíonn comhfhiúntas ann, déantar an roghnú i bhfabhar iarrthóirí ó náisiúntachtaí faoi ghannionadaíocht; á iarraidh ar an bhFondúireacht leanúint d'fheabhas a chur ar chothromaíocht gheografach a fhoirne d'fhonn ionadaíocht chuí náisiúnach ó na Ballstáit uile a bhunú, agus béim ar leith á leagan ar an leibhéal bainistíochta;

13. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur nuashonraigh an Fhondúireacht a lámhleabhar nósanna imeachta féin lena n-áirítear beartas um chiapadh a chosa; ag tabhairt dá haire gur eagraigh an Fhondúireacht in 2020 seisiún maoirseachta le síceolaí chun na cleachtais is fearr agus cruachásanna a chomhroinnt nuair atáthar ag bainistiú cásanna; ag tabhairt dá haire gur glacadh le straitéis acmhainní daonna nua don tréimhse 2021-2027 agus go gcuimsítear sa straitéis sin beartas neamhfhulaingt ar iompar neamh-mheasúil; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go bhfuair gach duine nua in 2020 seisiún ionduchtúcháin ar chiapadh agus cur i láthair ó na comhairleoirí;

14. á chur i bhfios go láidir gur gá ró-ualach digiteach a sheachaint agus ag cur béim ar an bhfíoras nár cheart don fhoireann a bheith ag obair ach laistigh d'uaireanta oibre; á chur in iúl gur geal léi uirlisí nua na Fondúireachta a uaslódáladh le déanaí chun teachtaireachtaí a sheachadadh laistigh d'uaireanta oibre; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí eile amhlaidh a dhéanamh mar dhea-chleachtas;

Cosc agus bainistiú coinbhleachtaí leasa, agus trédhearcacht

15. ag tabhairt dá haire gur fhoilsigh an Fhondúireacht na dearbhuithe coinbhleachta agus CVanna go léir do chomhaltaí an bhoird bainistíochta, agus do na hardbhainisteoirí agus na bainisteoirí meánacha;

Soláthar

16. ag tabhairt dá haire gur lorgaíodh sineirgí le hinstitiúidí eile maidir le soláthar maille le measúnú deise ad-hoc córasach i leith gach riachtanas soláthair; ag tabhairt dá haire go raibh an Fhondúireacht in 2020 mar pháirt de 56 chonradh idir-institiúideacha, naoi gcomhaontú ar leibhéal seirbhíse agus seacht gconradh a bhí oscailte do ghníomhaireachtaí eile; ag tabhairt dá haire gur lean an fhoireann soláthair de bheith rannpháirteach go gníomhach laistigh den líonra comhairleoirí sinsearacha soláthair de Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais;

17. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur chuir an Fhondúireacht tús in 2020 le soláthar poiblí glas a chur chun feidhme; ag tabhairt dá haire freisin go ndearna tionscadal ríomhsholáthair na Fondúireachta dul chun cinn agus sonraisc leictreonacha á bhfáil (ba go leictreonach a fuarthas 54 % de na sonraisc a tháinig isteach in 2020 i gcomparáid le 42 % in 2019) agus tairiscintí leictreonacha do gach tairiscint oscailte (ríomhthairiscint agus ríomhaighneacht) á bhfáil; ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, seachas gnóthachain éifeachtúlachta agus laghdú ar úsáid páipéir sna próisis soláthair agus íocaíochta, a deimhníodh, de bharr an ríomhsholáthar a bheith curtha chun feidhme, leanúnachas gnó i réimse chur chun feidhme na gclár oibre, go háirithe le linn a bheith ag obair faoi dhálaí cianda; á mholadh don Fhondúireacht tuilleadh úsáide a bhaint as réitigh dhigiteacha nuálacha;

18. ag tabhairt dá haire gur fheabhsaigh an tréimhse chun íocaíocht a dhéanamh in 2020 go 17,5 lá ar an meán, i gcomparáid le 18,5 in 2019;

Rialáil inmheánach

19. ag cur in iúl gurb oth léi gurb amhlaidh, dar leis an tuarascáil ón gCúirt, nár chomhlíon an Fhondúireacht prionsabal rialaithe inmheánaigh 12 dá creat rialaithe inmheánaigh, faoinar cheart na heisceachtaí agus na teagmhais neamhchomhlíonta a thaifeadadh sa chlár eisceachtaí; ag tabhairt dá haire gur shainaithin an Chúirt go háirithe roinnt imeachtaí ó nósanna imeachta bunaithe, amhail sínithe leictreonacha a úsáid le haghaidh doiciméid a dteastaíonn sínithe traidisiúnta uathu; ag tabhairt dá haire gur chinn an Chúirt go mbaintear leis sin an bonn de thrédhearcacht agus éifeachtacht chórais rialaithe inmheánaigh na Fondúireachta; á iarraidh ar an bhFondúireacht trédhearcacht a mhéadú trí gach eisceacht sa chlár a chlárú, ag idirdhealú idir eisceachtaí *ex-ante* agus teagmhais neamhchomhlíonta *ex-post*, agus tuairisciú don údarás um urscaoileadh;

20. á chur in iúl gur oth léi nach ndearna an tseirbhís um iniúchóireacht inmheánach (IAS) iniúchadh inmheánach in 2020; ag tabhairt dá haire go bhfuil measúnú riosca straitéiseach IAS déanta, agus ag eascairt as sin forbraíodh doiciméad pleanála ilbhliantúil IAS agus ghlac an bord rialaithe leis; ag tabhairt dá haire gur dhún an Fhondúireacht go fóirmiúil gach moladh iniúchóireachta roimhe seo agus nach bhfuil aon mholadh oscailte ar feitheamh aige;

21. ag tabhairt dá haire go bhfuil barúil oscailte amháin ón gCúirt ag an bhFondúireacht, a eisíodh in 2018 agus a tuairiscíodh a bheith ar feitheamh in 2019; ag tabhairt dá haire go dtagraítear inti do nós imeachta soláthair phoiblí le haghaidh seirbhísí gníomhaireachta sealadacha mar ar chuir an Fhondúireacht i bhfeidhm critéir dhámhachtana ar gnéithe praghais neamhiomaíocha a bhí iontu den chuid is mó; ag meabhrú chinneadh na Cúirte gur cheart don Fhondúireacht critéir dhámhachtana a úsáid ina ndírítear ar ghnéithe praghais um dhámhachtain iomaíoch; ag admháil go rachaidh an Fhondúireacht i ngleic leis an tsaincheist seo agus iad ag seoladh an chéad nós imeachta eile le haghaidh oibrithe eatramhacha, trí ghnéithe praghais iomaíocha a chur san áireamh sna critéir dhámhachtana;

22. ag tabhairt dá haire gur ann do mheasúnú na Fondúireachta ar a córas rialaithe inmheánaigh, ag cinneadh gur cuireadh chun feidhme 12 cheann de phrionsabail rialaithe inmheánaigh agus go raibh siad éifeachtach agus go rabh cúig phrionsabal ag feidhmiú go maith agus roinnt feabhsuithe beaga ag teastáil, rud a léiríonn dul chun cinn i gcomparáid le 2019; á iarraidh ar an bhFondúireacht torthaí na Cúirte a chorprú sa mheasúnú, go háirithe a barúlacha ar an gclár eisceachtaí;

23. ag tabhairt dá haire go ndearna an Fhondúireacht a straitéis frithchalaoise féin a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus leas á bhaint as an modheolaíocht a d'fhorbair OLAF;

Freagairtí COVID-19 agus leanúnachas gnó

24. ag tabhairt dá haire gur chuir an Fhondúireacht ar bun freagairtí éagsúla mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, amhail teilea-obair a cheadú agus teorainn a chur leis an rochtain ar fhoirgneamh na Fondúireachta ar feadh bhunús 2020, modhanna agus uirlisí a chur ar fáil chun tacú le déileáil le hathrú agus le timpeallachtaí suaiteacha sóisialta agus oibre, agus na gníomhaíochtaí i gclár oibre 2020 a chur in ord tosaíochta leasaithe; ag tabhairt dá haire go

raibh ráta cur chun feidhme an chláir oibre ag 87 %, dar leis an bhFondúireacht toisc gur cuireadh a lán gníomhaíochta ar athló ón dara ráithe go dtí an ráithe dheireanach den bhliain, rud a chuir brú ar acmhainneacht cur chun feidhme na Fondúireachta agus ar thíortha comhpháirtíochta agus roinnt gníomhaíochtaí á dtabhairt ar aghaidh go 2021; ag tabhairt dá haire gur socraíodh rochtain d'fhoireann na Fondúireachta ar thástálacha COVID-19; ag tabhairt dá haire go raibh cruinnithe foirne rialta ann;

25. ag tabhairt dá haire gur sheol an Fhondúireacht in 2020 feachtas gréasáin chun tacaíocht a thairiscint le linn phaindéim COVID-19, dar teideal "#learningconnects", ag díriú ar an gcaoi a bhféadfadh córais oideachais agus oiliúna, gnólachtaí, scoileanna, múinteoirí, mic léinn agus a dteaghlaigh oiriúnú do na dúshláin a bhaineann le teagasc agus foghlaim ó chian, ag úsáid, go minic, teicneolaíocht strainséartha neamhthástáilte agus córais agus bonneagar neamhfhoirfe;

Barúlacha eile

26. ag tabhairt dá haire gur chuir an Fhondúireacht chun feidhme na heochairbhearta atá i bhfeidhm chun dul i ngleic le cibearshlándáil, amhail an comhoibriú le CERT-EU agus cur chun feidhme fíordheimhnithe ilfhachtóra, ag tabhairt dá haire gur bunaíodh meitheal in 2020 chun dul i ngleic le saincheisteanna slándála, ag díriú ar ghníomhartha chun na rioscaí a bhaineann le cibearshlándáil a mhaolú;

27. ag tabhairt dá haire gur chuir an Fhondúireacht chun feidhme in 2020 an córas bainistíochta comhshaoil as ar tháinig comhlánú rathúil Deimhniú ISO agus an phróisis iniúchóireachta le haghaidh clárú ar EMAS in 2021; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur fhorbair an Fhondúireacht cúig phlean feabhsaithe comhshaoil, a bhaineann leis na heochair-réimsí seo a leanas: dramhaíl, uisce, ábhar, fuinneamh agus astaíochtaí;

28. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 4 Bealtaine 2022 ([2]) ar fheidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([2]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0196.